| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An maith leat *caife*? | Do you like *coffee*? |
| | Is maith.<br>Is maith liom *caife*.<br>Is maith liom é. | Yes.<br>I like *coffee*.<br>I like it. |
| | Ní maith.<br>Ní maith liom *caife*.<br>Ní maith liom é. | No.<br>I don't like *coffee*.<br>I don't like it. |
| **2.** | Is breá liom *caife*.<br>Is fuath liom *caife*.<br>Is cuma liom *caife*. | I love *coffee*.<br>I hate *coffee*.<br>I could care less about *coffee*. |
| **3.** | Cé acu is fearr leat, *tae* nó *caife*?<br>Is fearr liom *tae*.<br>Is fearr liom *tae* ná *caife*. | Which do you prefer, *tea* or *coffee*?<br>I prefer *tea*.<br>I prefer *tea* to *coffee*. |
| **4.** | An maith leat *bainne*?<br>Is maith.  Is maith liom é.<br>An maith leat *líomanáid*?<br>Is maith.  Is maith liom í.<br>An maith leat *trátaí*?<br>Is maith.  Is maith liom iad. | Do you like *milk*?<br>Yes.  I like it.<br>Do you like *lemonade*?<br>Yes.  I like it.<br>Do you like *tomatoes*?<br>Yes.  I like them. |
| **5.** | Ar mhaith leat *caife*? | Would you like *some coffee*? |
| | Ba mhaith.<br>Ba mhaith liom *caife*. | Yes.<br>I would like *some coffee*. |
| | Níor mhaith.<br>Níor mhaith liom *caife*. | No.<br>I wouldn't like *any coffee*. |
| | Cad ba mhaith leat? | What would you like? |
| **6.** | Cé acu ab fhearr leat, *tae* nó *caife*?<br>B'fhearr liom *tae*.<br>B'fhearr liom *tae* ná *caife*. | Which would you prefer, *tea* or *coffee*?<br>I'd rather have *tea*.<br>I'd rather have *tea* than *coffee*. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| liom | with me | linn | with us |
| leat | with you | libh | with ye |
| leis | with him | leo | with them |
| léi | with her | le Máire | with Mary |

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| A: An maith leat uachtar reoite? | Do you like ice cream? |
| B: Ní maith. Is fearr liom torthaí. | I don't. I prefer fruit. |
| A: An maith leat seacláid? | Do you like chocolate? |
| B: Is breá liom seacláid. | I love chocolate. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: Ar mhaith leat tae? | Would you like some tea? |
| B: Níor mhaith. Ba mhaith liom uisce. | No. I'd like some water. |
| A: Ar mhaith leat brioscaí? | Would you like some cookies? |
| B: Ba mhaith. Go raibh maith agat. | Yes. Thank you. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| A: Ar mhaith leat feoil? | Would you like some meat? |
| B: Níor mhaith. Is fuath liom feoil. | No. I hate meat. |
| A: Ar mhaith leat cáis? | Would you like some cheese? |
| B: Ba mhaith. Is breá liom cáis. | Yes. I love cheese. |
| A: Ar mhaith leat torthaí freisin? | Would you like some fruit, too? |
| B: Ba mhaith, go raibh maith agat. | Yes, thank you. |

| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| A: An maith le Seán milseáin? | Does Sean like candy? |
| B: Ní maith. Ní maith leis milseáin. | No, he doesn't like candy. |
| A: An maith libh sailéad? | Do ye like salad? |
| B: Is breá linn sailéad. | We love salad. |
| A: Ar mhaith le Máire iasc? | Would Mary like some fish? |
| B: Níor mhaith. Is fuath léi iasc. | No. She hates fish. |

| **Comhrá 5** | **Conversation 5** |
|---|---|
| S: Dia duit. Fáilte isteach. | Hello. Welcome in. |
| C: Dia is Muire duit. Conas tá tú? | Hello. How are you? |
| S: Tá mé ar fheabhas, buíochas le Dia. | I’m excellent, thank God. |
| Conas tá tú féin? | How are you yourself? |
| C: Tá mé ceart go leor, ach tá tuirse orm. | I’m all right, but I’m tired. |
| S: Cad ba mhaith leat inniu? | What would you like today? |
| C: Ba mhaith liom cupán caife, le do thoil. | I’d like a cup of coffee, please. |
| S: Ar mhaith leat bainne agus siúcra? | Would you like milk and sugar? |
| C: Ba mhaith liom siúcra, ach níor mhaith liom bainne. | I’d like sugar, but not milk. |
| S: Seo duit. Cupán caife le siúcra. | Here you are. A cup of coffee with sugar. |
| C: Go raibh míle maith agat. | Thank you very much. |
| S: Ar mhaith leat aon rud eile? | Would you like anything else? |
| C: Níor mhaith, go raibh maith agat. | No, thank you. |
| Sin an méid. | That’s all. |
| S: Go raibh maith agat. Slán leat. | Thank you. Good bye. |
| C: Slán agat. | Good bye. |